Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2021
(OR. en)

8877/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0118 (COD)**

**JAI 559**
**JUSTCIV 88**
**EJUSTICE 52**
**CODEC 720**
**EMPL 209**
**ECOFIN 453**
**COMPET 383**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Bealtaine 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 231 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena n-ionadaítear Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/848 maidir le himeachtaí dócmhainneachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 231 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 231 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.5.2021
COM(2021) 231 final

2021/0118 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-ionadaítear Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/848 maidir le himeachtaí dócmhainneachta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta[1], is cinntitheach atá Iarscríbhinní A agus B ó thaobh an raon feidhme sin a shainiú. Liostaítear iontu ar bhealach cuimsitheach na himeachtaí dócmhainneachta nó na cleachtóirí dócmhainneachta sin a luaitear i ndlíthe na mBallstát, imeachtaí nó cleachtóirí a bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir leo. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfaí na hIarscríbhinní sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun an staid dhlíthiúil iarbhír sna Ballstáit a léiriú.

De réir Airteagal 1(1), pointe (4) d'Airteagal 2 agus aithris (9) den Rialachán, ní 'imeachtaí dócmhainneachta' iad imeachtaí náisiúnta i gcomhthéacs an Rialacháin ach amháin má tá siad liostaithe in Iarscríbhinn A a ghabhann leis. Ar an gcaoi chéanna, de bhun phointe (5) d'Airteagal 2 agus aithris (21) den Rialachán, liostaítear in Iarscríbhinn B na daoine agus na comhlachtaí a chomhlíonann an sainmhíniú ar 'cleachtóir dócmhainneachta', sainmhíniú a thugtar sa Rialachán.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, thug an Ísiltír fógra don Choimisiún faoi athruithe a rinneadh ar a dlí dócmhainneachta náisiúnta tamall gairid roimhe sin, athruithe lenar tugadh isteach scéim choisctheach nua maidir le dócmhainneacht, mar aon le fógra faoi chineálacha nua cleachtóirí dócmhainneachta. Ina dhiaidh sin, tháinig fógraí i mí na Nollag 2020 ón Iodáil, ón Liotuáin, ón gCipir agus ón bPolainn.

Tá grinnanailís déanta ag an gCoimisiún ar na fógraí a thug na Ballstáit sin lena áirithiú go gcomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin.

Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2015/848 a leasú dá réir.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Ionstraim thábhachtach le haghaidh comhar breithiúnach sibhialta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh is ea Rialachán (AE) 2015/848. Ionas gur féidir dócmhainneachtaí trasteorann féichiúnaithe a ionramháil ar bhonn éifeachtúil, ar féichiúnaithe iad a bhfuil a lárionad príomhleasa suite i mBallstát, ba cheart go bhfreagródh raon feidhme an Rialacháin do raon feidhme dhlíthe dócmhainneachta na mBallstát mar atá san am i láthair. Is éard is aidhm don togra seo a áirithiú go mbeidh raon feidhme an Rialacháin curtha in oiriúint do chreat dlíthiúil iarbhír na mBallstát i dtaca le dócmhainneacht faoin am a chuirfear an Rialachán i bhfeidhm.

Le Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht)[2], bunaítear íoschaighdeáin maidir le nósanna imeachta um athstruchtúrú coisctheach atá ar fáil d'fhéichiúnaithe a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu, nuair atá dóchúlacht dócmhainneachta ann, agus íoschaighdeáin maidir le nósanna imeachta as a dtiocfaidh urscaoileadh fiachas a thabhaigh fiontraithe a bhfuil rófhéichiúnas acu agus a

[1] IO L 141, 5.6.2015, lgh. 19-72.
[2] IO L 172, 26.6.2019, lgh. 18-55.

cheadóidh dóibh dul i mbun gníomhaíocht nua. Féadfar imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin a chumhdach faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2015/848, má chomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin i leith imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta agus má áirítear iad in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an Rialachán.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá ról tábhachtach tacaíochta ag an Rialachán maidir leis an tsaoirse bhunaíochta, an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus an tsaorghluaiseacht daoine.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 81(2)(a), (c) agus (f) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann Rialachán (AE) 2015/848 faoi inniúlacht roinnte an Aontais Eorpaigh. Is é a fhoráiltear le Rialachán (AE) 2015/848 sraith chuimsitheach rialacha atá infheidhme go díreach maidir leis na himeachtaí dócmhainneachta trasteorann dá dtagraítear in Iarscríbhinn A agus maidir le cineálacha cleachtóirí dócmhainneachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn B.

Níl á dhéanamh leis an togra seo ach na hIarscríbhinní sin a mhodhnú le go bhfreagróidh siad go cruinn d'inneachar na bhfógraí a thug an Ballstát agus na hIarscríbhinní ina bhfuil liostaí na nósanna imeachta náisiúnta nó liostaí na gcineálacha cleachtóirí dócmhainneachta sa réimse sin, na hIarscríbhinní sin a leasú. Ní dhéanfaidh na hathruithe sin aon difear do na hoibleagáidí agus na rialacha a leagtar amach sa Rialachán féin.

Dá thoradh sin, a fhad agus nach n-athraítear forálacha substainteacha an Rialacháin, ní dhéanfaidh na hathruithe ar Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an Rialachán aon difear do na rialacha substainteacha agus is é reachtas an Aontais amháin, seachas na Ballstáit, a fhéadfaidh iad a athrú. Is inniúlacht eisiach, dá bhrí sin, na leasuithe ar na hIarscríbhinní sin agus níl siad faoi réir na tástála coimhdeachta ná an nós imeachta athbhreithnithe *ex ante* a cheanglaítear le Prótacal Uimh. 2 a ghabhann leis na Conarthaí, ós rud é nach bhfuil prionsabal na coimhdeachta infheidhme sa chás atá i gceist.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas:

Leis an togra ón gCoimisiún cuirfear liostaí nua in ionad na liostaí a thugtar in Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/848, agus an fhaisnéis arna fógairt ag na Ballstáit lena mbaineann á cur san áireamh. Ós rud é gur dlúthchuid den Rialachán Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis, is trí leasú reachtach a dhéanamh ar an Rialachán, agus tríd sin amháin, is féidir modhnuithe a dhéanamh orthu.

Tá an Rialachán infheidhme go díreach i ngach Ballstát. Ó fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é, tá rochtain ag na páirtithe leasmhara uile ar a bhfuil ann.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán is ea an ionstraim atáthar a bheartú.

Ní bheadh modhanna eile leormhaith ar na cúiseanna seo a leanas:

Faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair, is le rialachán atá le glacadh tríd an ngnáthnós imeachta reachtach, faoin mbunús dlí arna chur i bhfeidhm ar an Rialachán bunaidh, agus leis sin amháin, is féidir leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an Rialachán. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh leasú den sórt sin a mholadh.

Thug an Ísiltír, an Iodáil, an Liotuáin, an Chipir agus an Pholainn fógra don Choimisiún faoi leasuithe a rinneadh ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní A agus B. Dá réir sin, níl de rogha ag an gCoimisiún ach togra a dhéanamh le haghaidh leasuithe ar na hIarscríbhinní sin a ghabhann leis an Rialachán, a mhéid a chomhlíonfaidh na leasuithe sin na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Is leasuithe de chineál teicniúil amháin na leasuithe atá beartaithe. Níl aon athrú substainteach ar an Rialachán i gceist iontu. I gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil níos Fearr, ní bheidh aon mheasúnú tionchair de dhíth i gcás tionscnaimh den sórt sin.

Ina theannta sin, de bhun Airteagal 81 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní raibh de rogha ag an gCoimisiún, tar éis don Ísiltír a iarraidh air tús a chur leis an nós imeachta reachtach ba ghá, agus tar éis iarrataí den chineál céanna ón Iodáil, ón Liotuáin, ón gCipir, agus ón bPolainn, ach géilleadh do na hiarrataí sin, a mhéid a chomhlíonann siad na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán. Ní raibh aon saineolas nua ag teastáil le haghaidh na hoibre ullmhúcháin chun an togra seo a ghlacadh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

2021/0118 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-ionadaítear Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/848 maidir le himeachtaí dócmhainneachta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], liostaítear na hainmneacha a thugtar i ndlí náisiúnta na mBallstát ar na himeachtaí dóchmhainneachta agus ar na cleachtóirí dócmhainneachta a bhfuil feidhm ag an Rialachán sin maidir leo. Na himeachtaí dócmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (4) de Rialachán (AE) 2015/848, is iad a liostaítear in Iarscríbhinn A, agus is iad na cleachtóirí dócmhainneachta dá dtagraítear i bpointe (5) den Airteagal sin a liostaítear in Iarscríbhinn B.

(2) I mí Dheireadh Fómhair 2020, thug an Ísiltír fógra don Choimisiún faoi athruithe a rinneadh ar a dlí dócmhainneachta náisiúnta tamall gairid roimhe sin, athruithe lenar tugadh isteach scéim choisctheach nua maidir le dócmhainneacht, mar aon le fógra faoi chineálacha nua cleachtóirí dócmhainneachta. Ina dhiaidh sin, tháinig fógraí i mí na Nollag 2020 ón Iodáil, ón Liotuáin, ón gCipir agus ón bPolainn i ndáil le hathruithe a rinneadh tamall gairid roimhe sin ar a ndlí náisiúnta, athruithe lenar tugadh isteach cineálacha nua imeachtaí dócmhainneachta nó cleachtóirí dócmhainneachta. San Iodáil, is ar an 1 Meán Fómhair 2021 a thiocfaidh na forálacha nua maidir le dócmhainneacht agus athstruchtúrú i bhfeidhm. Cloíonn na cineálacha nua imeachtaí dócmhainneachta agus cleachtóirí dócmhainneachta sin leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/848 agus is gá dá bharr sin leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, [tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo]/[gan dochar d’Airteagal 4 den Phrótacal sin, ní bheidh Éire rannpháirteach i

[3] Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).

nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm].

(4) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, seasamh atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/848 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, is é a chuirtear in ionad Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/848.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*